snasTV
NUACHT TG4

# Max Lally, trodaí óg

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin trodaí óg sna healaíona comhraic measctha (*mixed martial arts – MMA*), Max Lally. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna le chéile.

1. Cén cineál comórtais é an UFC?
2. Cad é do bharúil faoi na healaíona comhraic measctha, go ginearálta?
3. Conas a dhéanfá cur síos ar jú-jiotsú? Féach anseo le blaiseadh a fháil, más gá.
4. Cloisfidh tú Ruairí Mac Con Iomaire ag rá sa mhír nach bhfuil meas ag go leor daoine in Éirinn ar MMA. Cén fáth, dar leat?
5. Cad iad na dúshláin a bhíonn roimh throdaí óg ar nós Max Lally, dar leat?



# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *tour* | |
| b) *blossoming* | |
| c) *nine amateur fights* | |
| d) *Featherweight Championship* | |
| e) *the first round* | |
| f) *a bad name* | |
| g) *acclaimed* | |
| h) *figure, personality* | |
| i) *dedicated to* | |
| j) *new year* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ______________________________________________

3. Cén Ghaeilge atá agat ar *lockdown*? ______________________________

4. Conas a déarfá *the most talented* agus *the fiercest* as Gaeilge?

______________________________________________

5. Cad is brí leis an bhfocal 'leis' sa chomhthéacs seo:


'Agus tá trí throid phroifisiúnta curtha de anois **leis** aige'

______________________________________________

# C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí ón mír. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

| |
|---|
| ✓ Cúlra Max Lally: |
| ✓ Cúlra Max Lally sna healaíona comhraic measctha: |
| ✓ An méid atá bainte amach ag Max go hamaitéarach: |
| ✓ An méid atá bainte amach ag Max go proifisiúnta: |
| ✓ A chaidreamh le *Cage Warriors*: |
| ✓ Clú MMA go ginearálta in Éirinn: |
| ✓ Sceideal traenála Max: |



2. Dún do chuid nótaí ar fad agus tabhair achoimre ó bhéal ar ábhar na míre don duine in aice leat. Ná féach ar aon nótaí!

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Féach ar na habairtí seo ón mír agus mínigh cúis an tséimhithe (cló trom) i ngach abairt. Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat ansin.

| | |
|---|---|
| a) | Tá bliain m**h**ór roimh t**h**rodaí óg as Contae na Mí. |
| | |
| b) | Tá súil ag fear C**h**ill Dhéagláin dul i dtreo an c**h**omórtais is mó ar domhan i mbliana. |
| | |
| c) | Tá droch-c**hl**ú tarraingthe ag trodaí mór le rá air féin. |
| | |
| d) | Tá na céadta daoine an-p**h**aiseanta faoi na healaíona comhraic measctha. |
| | |
| e) | Tá an spórt níos mó ná aon p**h**earsa faoi léith. |
| | |
| f) | Tá a s**h**aol ar fad tiomnaithe anois aige ar d**h**eis iomaíochta a shaothrú dó féin. |
| | |

## 2: Saibhreas Teanga (an focal 'deis')

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar an iontráil foclóra den fhocal 'deis' agus pléigí na ceisteanna le chéile ansin.

**deis**[1], *f.* (*gs.* **~e**, *pl.* **~eanna**). **1.** Right hand; right-hand side. **Ar mo dheis,** on my right. **Ar dheis Dé (go raibh siad),** (may they be) at the right hand of God. **Casadh faoi dheis,** to turn right. *Ó dheis go clé,* from right to left. **Dá dheis is dá chlé,** to his right and left. **Ag luí ar a ~,** (*of ship*) listing to starboard. **Cá bhfuil do dheis? Cén ~ (a bhfuil) tú?** Which hand do you use? **Faoi dheis iompaígí!** Right turn! **2.** (Of southerly aspect) **Ar dheis na gréine,** facing the sun. **3.** Suitable, convenient, position. **Dá mbeadh sé ar mo dheis, ar dheis mo láimhe, agam,** if I had it near me, near my hand; if it were convenient for me. *Tá tú ar do dheis chuige,* you are in the right place for it. **4.** Opportunity. **~ a fháil ar rud,** to get a chance at sth., an opportunity to do sth. **~ a thabhairt do dhuine (ar rud),** to give s.o. an opportunity (to do sth.). *Anois tá an ~ agat!* Now's your chance! **An ~ a thapú,** to seize the opportunity. **Failliú ar an ~,** to let the opportunity slip. *Prov*:**~ a dhéanann ~,** one success leads to another. **5.** (*a*) Facility. **~ oibre, imeartha, snámha,** working, playing, swimming, facilities. **Rinne sé ~ dom,** it served my purpose. **Tá ~ a labhartha aige,** he speaks well, has a happy knack of saying the right thing. (*b*) Means, apparatus. **~ iompair,** means of transport; vehicle. **6.** Material advantage. **Tá ~ mhaith orthu; tá siad i n~ mhaith,** they are in good circumstances. **Rud a chur chun ~e duit féin,** to turn sth. to one's advantage. **Ar bheagán ~e,** poorly circumstanced. **7.** Proper condition. **~ a chur ar rud,** to repair sth. **Tá sé ar ~ (is ar dóigh),** it is in good order, repair. (Ironically) **Chuir sé ~ air féin,** he ruined himself. *Anois tá ~ ort!* You are in a right fix now! **8.** *Sp*: **~ istigh,** innings.

1. An raibh na sainmhínithe sin ar fad ar eolas agaibh?
2. Roghnaígí dhá shainmhíniú an duine (nach raibh ar eolas agaibh roimhe seo) agus cumaigí dhá abairt leo.
3. Cén fáth a bhfuil an abairt 'Chuir sé deis air féin' íorónta?

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo:

a) Féachaigí ar na cineálacha spóirt a léirítear sna pictiúir thíos:

- ✓ Roghnaígí dhá cheann acu.
- ✓ Déanaigí comparáid idir an dá cheann a roghnaigh sibh Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu, dar leatsa?

b) Labhair leis an duine in aice leat ansin agus mínígí bhur gcuid roghanna dá chéile.

c) Pléigí an cheist seo le chéile freisin:

- ✓ An duine mór spóirt thú? Mínigh.












## 2: Scríobh

Samhlaigh gur bhuaigh tú cluiche nó comórtas i gceann de na spóirt thuas (nó, go deimhin aon chluiche nó aon chomórtas a bhuaigh tú). Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin tslí ar mhothaigh tú tar éis an bhua.

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**

Cúrsaí spóirt anois agus tá bliain mhór roimh throdaí óg MMA as Contae na Mí, Max Lally, a bheas[1] páirteach i gcamchuairt *Cage Warriors* den chéad uair riamh. Tá súil ag fear Chill Dhéagláin gur céim eile a bheas ann i dtreo an chomórtais is mó ar domhan sa spórt – an UFC.

**Ruairí Mac Con Iomaire**

Is i ndisciplín an jú-jiotsú, breis agus deich mbliana ó shin, a thosaigh turas Max Lally i saol na n-ealaíon míleata measctha[2]. Ach is i ndiaidh dhianghlasáil Covid a shocraigh fear óg Chill Dhéagláin i gContae na Mí díriú ar an spórt ilstíle MMA. Agus ó rinne sé é sin, tá sé tar éis forbairt agus bláthú, é anois ar cheann de na trodaí is cumasaí agus is fíochmhaire sa gcluiche[3].

Naoi dtroid amaitéaracha a bhí ag Max, chuile[4] cheann acu sin buaite aige – ina measc, Craobh Chleitmheáchain faoi Ocht mBliana Déag d'Aois an Domhain. Agus tá trí throid phroifisiúnta curtha de anois leis aige. Agus ní hamháin go bhfuil siad sin ar fad buaite freisin aige ach iad ar fad stoptha sa gcéad bhabhta. Craobh Chleitmheáchain *Cage Legacy* na hEorpa, go deimhin, buaite aige i mBaile Átha Cliath sa samhradh.

**Max Lally, Curadh Cleitmheáchain na hEorpa**

Mo thríú troid agamsa sna *professional ranks* agus bhuaigh mé é sin sa chéad *round*, ceapaim, dhá nóiméad nó rud éigin mar sin. Agus bhí sé sin an-mhaith mar chuir sé sin mé ar an mbóthar go dtí *Cage Warriors* agus tá mé le *Cage Warriors* anois ….

**Ruairí Mac Con Iomaire**

Tá go leor droch-chlú tarraingthe ag trodaí mór le rá ón tír seo air féin – agus i súile go leor daoine – ar spóirt na MMA go ginearálta. Ach maíonn leithéidí Max agus na céadta Éireannach eile atá an-phaiseanta go deo faoi na MMA go bhfuil an spórt i bhfad níos mó ná aon phearsa ar leith.

Bíonn Max ag traenáil faoi dhó sa lá, cúig lá in aghaidh na seachtaine agus uair amháin in aghaidh an lae, an dá lá eile. Sin idir dornálaíocht, iomrascáil, agus (traenáil) nirt agus aclaíochta. Tá a shaol ar fad tiomnaithe anois aige ar dheis iomaíochta a shaothrú dó féin ar an stáitse is mó.

Beidh céim mhór ar an mbóthar sin amach roimhe anois go luath san athbhliain, lena chéad troid siúd ar chamchuairt *Cage Warriors*.

**Max Lally, Curadh Cleitmheáchain na hEorpa**

Níl a fhios aige cad a bhfuil mé ag caint faoi ach go raibh míle maith agat.

**Ruairí Mac Con Iomaire**

Ruairí Mac Con Iomaire, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

---

[1] 'a bheas' = a bheidh

[2] 'ealaíona comhraic measctha' an leagan coitianta

[3] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

[4] chuile= leagan canúnach de 'gach aon'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *tour* | camchuairt |
| *blossoming* | bláthú |
| nine amateur fights | naoi dtroid amaitéaracha |
| *Featherweight Championship* | Craobh Cleitmheáchain |
| *the first round* | an chéad bhabhta |
| *a bad name* | droch-chlú |
| *acclaimed, famous* | mór le rá |
| *figure, personality* | pearsa |
| *dedicated to* | tiomnaithe (do?) |
| *new year* | athbhliain |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. *Lockdown = dianghlasáil.*
4. 'Is cumasaí' agus is 'fíochmhaire'.
5. Ciallaíonn **leis** 'chomh maith'/ 'freisin'.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Freagraí:

| |
|---|
| a) Tá bliain m**h**ór roimh t**h**rodaí óg as Contae na Mí. |
| Is focal baininscneach é 'bliain', mar sin tá séimhiú ar an aidiacht 'mór' a leanann é.<br>Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'roimh'. |
| b) Tá súil ag fear C**h**ill Dhéagláin dul i dtreo an c**h**omórtais is mó ar domhan i mbliana. |
| Nuair a thagann trí ainmfhocal (fear C**h**ill Dhéagláin) le chéile in abairt, go ginearálta bíonn an t-ainmfhocal deireanach sa tuiseal ginideach agus is gnách séimhiú a chur ar an ainmfhocal nó ar na hainmfhocail a thagann roimhe.<br>Tá an focal firinscneach 'comórtas' sa tuiseal ginideach uatha. |
| c) Tá droch-c**h**lú tarraingthe ag trodaí mór le rá air féin. |
| Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú, bíonn séimhiú ar an dara focal. Tá fleiscín idir an dá fhocal sa sampla seo mar críochnaíonn 'droch' le 'ch' agus tosaíonn 'chlú' le 'ch'. |
| d) Tá na céadta daoine an-p**h**aiseanta faoi na healaíona comhraic measctha. |
| Leanann séimhiú **an-** má thosaíonn an focal a leanann é le consan, seachas focail dar tús **d**, **s** agus **t**. |
| e) Tá an spórt níos mó ná aon p**h**earsa faoi léith. |
| Leanann séimhiú an focal 'aon', seachas focail dar tús **d**, **s** agus **t**. |

| | |
|---|---|
| f) Tá a s**h**aol ar fad tiomnaithe anois aige ar d**h**eis iomaíochta a shaothrú dó féin. | |
| An aidiacht phearsanta, tríú pearsa (a shaol); leanann séimhiú 'ar' nuair is ionad áirithe é. | |

### 2: Saibhreas Teanga (deis)

Feasacht teanga atá i gceist leis an ngníomhaíocht seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar an bhfocal 'deis'.

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do na beirteanna na pictiúir a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar chúrsaí spóirt.

### 2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr a scríobh faoin tslí ar mhothaigh siad tar éis cluiche nó comórtas a bhuachan.